

Injuries Board.ie

# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2009

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

InjuriesBoard.ie

Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2009

LÚNASA 2010

PRN A10/0873

Injuries Board.ie

# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2009

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# EOLAS TEAGMHÁLA

Ionad Seirbhísí ar oscailt:
Luan go h-Aoine, 8am go 8pm

Ló-Ghlao Poblacht na h-Éireann 1890 829 121
Ó Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain 0870 876 8121

Bosca O.P. 8,
Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí.

www.injuriesboard.ie

I mí Iúil 2008, mar chuid de thionscadal aitheantais branda nua, athraíodh ainm oibre an Bhoird ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta nó PIAB go InjuriesBoard.ie. Mar thoradh air sin, ar fud na Tuarascála seo déanfar tagairt don eagraíocht mar InjuriesBoard.ie.

# CLÁR


1. Réamhfhocal an Chathaoirligh 4

2. Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 5

3. Forbhreathnú 7

4. Alt 1: Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar theidlíochtaí cúitimh 10

5. Alt 2: Costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála phearsanta a laghdú 16

6. Alt 3: Seirbhís shármhaith don chustaiméir a fhorbairt ó eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil le foireann dhíograiseach, chumasach ann 20

7. Alt 4: Feasacht faoi InjuriesBoard.ie a mhéadú agus cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh 26

8. Alt 5: Ráitis Airgeadais 30

9. Aguisíní:

Aguisín 1 – Próiseas InjuriesBoard.ie 50

Aguisín 2 – Cairt Eagraíochta & Comhaltaí an Bhoird agus Struchtúr 51

Aguisín 3 – Anailís Gheografach ar Éilimh 54

# RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH

In 2009 tháinig deireadh le téarma oifige an chéad bhoird a ceapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, atá anois ag feidhmiú mar InjuriesBoard.ie

Ó 2004, chonaic mé féin agus mo chuid comhghleacaithe saolú agus forbairt Ghníomhaireacht Stáit nua a bhí dírithe ar a mhisean an bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail.

Sa tréimhse sin, rinne an bord os cionn 32,000 measúnuithe i gcomhair díobhálacha pearsanta, suim a tháinig go €730m san iomlán i gcúitimh. In 2009, déanadh 8,643 measúnuithe a tháinig go €200m san iomlán i gcúitimh.

Chuidigh a chuid próiseas inrochtana, comhsheasmhacht a aschur, agus éifeachtúlacht a chur chuige chun an eagraíocht a bhunú mar chuiditheoir mór chun réimeas éifeachtúil a bhaint amach i gcomhair éilimh dhíobhálacha pearsanta a thabhairt chun críche in Éirinn.


Ba é 2009 an tríú bliain lán gníomhaíochta ag InjuriesBoard.ie. Faoi stiúir bhord diongbháilte, in éineacht le foireann thiomanta agus oilte, déanadh na dúshláin a tháinig leis na srianta riachtanach san earnáil phoiblí ar earcaíocht agus pá a bhainistiú go maith, mar is léir i ranna eile níos déanaí sa tuarascáil seo.

Tá iomaíochas fós ina bhunchloch i gcomhair aisghabháil eacnamaíoch. Tá múnla InjuriesBoard.ie i ndiaidh sábháiltí de os cionn €300 milliún a dhéanamh go díreach agus go h-indíreach don eacnamaíocht ó d'oscail muid ár ndoirse. Tá seirbhísí an bhoird á gcur i gcrích don Státchiste saor in aisce toisc go bhfuil sé maoinithe ag táillí a ghearrtar den chuid is mó ar fhreagróirí, iad sin a bhfuil árachas acu agus atá féin árachaithe, chomh maith le táille beag inaisíoctha de €50 ó éilitheoirí.

Beidh sé fós mar dhúshlán againn sa bhliain atá amach romhainn, leanúint de bheith ag tabhairt seirbhís ardleibhéil dár gcuid geallshealbhóirí. Cé go bhfuil fianaise ann go bhfuil titim ar an líon tionóiscí san ionad oibre agus éilimh dá bharr mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta, bhí ardú beag ar líon na gcásanna dhliteanas poiblí agus mótair i rith 2009. Agus na deich mbliana seo amach romhainn, tá an bord tiomanta an cheannaireacht agus an treoir ata ag teastáil a léiriú chun cothabháil a dhéanamh ar an gcáil mhaith ata ag InjuriesBoard.ie. Agus muid ag tabhairt faoi na dúshláin agus ag dul i ngleic leo, tiocfaidh saincheisteanna eile chun cinn. Agus an teicneolaíocht agus an chumarsáid nua-aimseartha ag éabhlú, beidh orainn a chinntiú go mbaineann an Bord úsáid as na córais agus na cleachtais is fearr atá ar fáil chun na príomhmheasúnaithe a dhéanamh agus cumarsáid a dhéanamh lenár ngeallshealbhóirí.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghlacadh le comhaltaí an Bhoird ata ag fágáil, Frances Cooke, Pat Healy agus Mary O'Dea. Bhí an saineolas, an chríonnacht agus an taithí a thug gach duine acu chuig an mBord fíorluachmhar agus is féidir leo a bheith an-bhródúil as an méid a chuir siad le fás agus rathúlacht InjuriesBoard.ie.

Tá a fhios agam go dtacaíonn an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag an am Mary Coughlan T.D. agus a cuid oifigeach go mór lenár gcuid oibre agus táim buíoch as a gcúnamh i rith na bliana. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Batt O'Keeffe, T.D. sna blianta amach romhainn.



**Dorothea Dowling**
*Cathaoirleach*

# RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Mar thoradh ar bhunú InjuriesBoard.ie i 2004, an luas lena ndéileáiltear le héilimh agus comhsheasmhacht na ndámhachtainí, rinneadh athrú suntrasach ar an tslí a réitítear éilimh dhíobhála pearsanta anois. Tá líon na n-éileamh atá ag dul i mbun dhlíthíocht gearrtha siar go mór agus tá formhór go suntasach na n-éileamh díobhála pearsanta anois á réiteach ag an mBord trí dhámhachtain fhoirmiúil nó trí réiteach luath idir na páirtithe a bhaint amach, a ndéanann an Bord éascú minic air. Gach bliain, cuireann sé seo le coigilt de thart ar €100m don eacnamaíocht.

Agus muid ag dul isteach sa bhliain deireadh dár bplean straitéiseach 2006-2010 , ba bhliain eile inniúlachta agus dúshlánach a bhí in 2009 do InjuriesBoard.ie. Déanadh 8,643 dámhachtain le cúiteamh de €200m i 2009 laistigh de thréimhse seacht mí ar an meán agus ag costas riaracháin de bheagán os cionn 8%. Ta fáilte á chur fós ag custaiméirí roimh ár n-ionad seirbhíse atá oscailte ó 8am go 8pm, ag láimhseáil ós cionn 58,000 glaoch agus os cionn 388,000 nithe poist.

I ndiaidh don Státchiste maoiniú a sholáthar ag an tús, tá InjuriesBoard.ie ag feidhmiú mar Ghníomhaireacht Stáit féinmhaoinithe, ag brath ar ioncaim a thagann go príomha ó fhreagróirí chun a chuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú. Ta stádas féinmhaoinithe a chothabháil agus teorainn á cur ar chostais mar dhúshlán leanúnach ag an mBord. Déanadh an stádas seo a chothabháil in 2009 le toradh airgeadais a thug barrachas de bheagán os cionn €0.5milliún, in ainneoin an riachtanais soláthar suntasach agus stuama a dhéanamh maidir le sraith agóidí dlíthiúla a bhaineann go sonrach le costais dlí a cheadú, ar leithligh ó na leibhéil damáistí a bronnadh ar híospartaigh tionóiscí díobhála pearsanta.


Rinneadh roinnt tionscnamh spriodhírithe in 2009 a d'athdhearbhaigh ár bhfócas leanúnach ar theorainn a chur ar chostas, éifeachtacht agus thar aon ní eile seirbhís den chéad scoth a sheachadadh.

I measc na dtionscnamh a ndéantar tuairisc orthu sa tuarascáil seo, tá tionscadal suntasach ina rinneamar teagmháil le hárachóirí freagracha agus bhaineamar amach ardú 25% i gcomhfhreagras leictreonach, a raibh sábháil airgeadais agus éifeachtachta mar thoradh air. Ag teacht le Polasaí Rialtais, glacadh bearta chun costais tuairiscí liachta a laghdú ar bhunús céimnithe a bhain amach sábháil do bheagnach ceathrú milliún euro don phróiseas éileamh in 2009; sárófar an figiúr seo in 2010 nuair a thiocfaidh na sábháiltí don bhliain iomlán chun cinn.

Ag tógáil an staid eacnamaíochta náisiúnta san áireamh níor lorgaíodh aon ardú táille i 2009. Bhain leibhéil ár gcuid táillí i 2008 chomh maith le clár láidir chun teorainn a chur ar chostais amach toradh sásúil ag deireadh na bliana. Tá sé seo suntasach toisc gur ardaigh éilimh nua 5%, agus laghdaigh an líon foirne mar gheall ar scéim luath-scoir na hearnála poiblí agus lánbhac ar earcaíocht.

Tá agus bhí InjuriesBoard.ie ag déanamh iarracht feidhmíocht a fheabhsú agus straitéisí a chomhlíonadh trí bhainistiú agus fhorbairt ár ndaoine. Fuair ár gcuid iarrachtaí sa réimse seo aitheantas i 2009 nuair a tugadh creidiúnú don Bhord tríd an scéim An Scoth Trí Dhaoine atá mar chaighdeán náisiúnta ag Éirinn i mbainistíocht acmhainní daonna. Tá mé fíorbhródúil as ár bhfoireann a bhain amach an duais seo agus atá i dteannta raon eintiteas forchéimneach i mbliana ón earnáil phríobháideach agus phoiblí mar atá liostaithe sa tuarascáil seo.

Tá sé cuí go dtabharfainn aitheantas do thiomantas agus obair chrua ár bhfoirne i dtréimhse nuair, ar nós oibrithe san earnáil phoiblí agus phríobháideach, tá ciorruithe móra déanta orthu ina gcuid tuarastal mar thoradh ar na cinntí náisiúnta a thagann chun cinn ó na hamanna crua ina bhfuilmid ag maireachtáil. Is eagraíocht bheag ach lúfar, éifeachtach agus éifeachtúil muid, atá dírithe go h-iomlán ar leas leanúnach an phobail a fheabhsú. Gabhaim buíochas le gach aon duine den fhoireann as ucht a gcuid diongbháilteacht i leith obair an Bhoird in 2009 agus freisin Bord rialaithe a thug tacaíocht dúinn agus a bhí éilitheach.



**Patricia Byron**
*Príomhfheidhmeannach*

# FORBHREATHNÚ

## Ráiteas Misin

Is é Ráiteas Misin InjuriesBoard.ie ná "An bealach a réiteach go neamhspleách do thabhairt an chúitimh atá dlite i gcrích ar bhealach cóir, pras, follasach chun leasa an phobail".

I dtéarmaí ár ráiteas misin a sheachadadh i 2009, rinne InjuriesBoard.ie:

- Déileáil le 25,919 éilimh díobhála pearsanta agus rinne siad 8,643 dámhachtain;
- Meánfráma ama ina bpróiseálfaí éilimh de sé mhí go leith a bhaint amach – laistigh den fhráma ama reachtúil naoi mí;
- Cúitimh iomlán de €200 milliún a bhronnadh ar íospairtigh tionóisce agus is ionann costas riaracháin agus beagán os cionn 8% den luach cúitimh iarbhír

## Príomhchuspóirí Straitéiseacha

Is iad seo a leanas na sé chuspóir straitéiseacha mar atá leagtha amach i gcéad Phlean Straitéise 2006-2010 na heagraíochta:

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 1** | Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth InjuriesBoard.ie. |
| **Cuspóir 2** | Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála pearsanta a thagann faoi scáth InjuriesBoard.ie a ísliú. |
| **Cuspóir 3** | Cultúr nuálaíochta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtach, shomhúnlaithe ata éifeachtúil ó thaobh costais le foireann dhíograiseach, chumasach. |
| **Cuspóir 4** | Seirbhís shármhaith don chustaiméir a thabhairt chun cinn trí phróiseas measúnaithe éileamh a chur ar siúl atá follasach, áisiúil. |
| **Cuspóir 5** | Cur leis an tuiscint atá ag an bpobal ar InjuriesBoard.ie agus na buntáistí atá leis. |
| **Cuspóir 6** | Cur go dearfach leis an athrú ar an timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta in Éirinn. |

I rith 2009, lean InjuriesBoard.ie ag obair chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Leagfar amach mionsonraí na dtionscnamh agus na ngníomhartha a rinneadh i rith na bliana in Alt 1 go 4 den Tuarascáil sin.

# 2009



Tuarascáil Bhliantúil

InjuriesBoard.ie



# ALT 1

## MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

# ALT 1

## MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

### Dámhachtain

I 2009, rinne an Bord 8,643 dámhachtain ag luach €200 milliún.

Is ionann Dámhachtain agus luach an chúitimh iníoctha le duine aonair i ndáil le héileamh díobhála pearsanta áit nach bhfuil díospóid á dhéanamh ar dhliteanas . San áireamh, tá Damáistí Ginearálta do phian agus d'fhulaingt de bharr an ghortaithe go dtí seo agus amach anseo freisin. Is féidir le Damáistí Speisialta a bheith i gceist le dámhachtainí freisin as caillteanas airgeadais go dtí seo agus amach anseo i.e. caillteanas pá, costas cúraim liachta etc. Baineann na sonraí sa tuarascáil seo le luach iomlán na dámhachtana agus ní dhéantar idirdhealú idir Damáistí Ginearálta agus Speisialta.

Tá na dámhachtainí a dhéanann InjuriesBoard.ie ag na leibhéil chéanna agus a bheadh duine ag súil leis sna cúirteanna. Déantar damáistí a mheas ag úsáid an Leabhar Cainníochtaí, atá mar treoir ar leibhéil cúitimh in Éirinn (le fáil ar www.injuriesboard.ie).

### Líon agus Luach Dámhachtainí


Rinne an Bord a chéad dhámhachtain i 2005, i ndiaidh a bhunaithe i 2004. Leagan Tábla 1.1 amach líon agus luach na ndámhachtainí gach bliain ó 2006.

***Tábla 1.1* Líon agus Luach na ndámhachtainí ag injuriesbaord.ie**

| Bliain | Líon na ndámhachtainí | Luach na ndámhachtainí |
|---|---|---|
| 2006 | 5,573 | €115.28 milliún |
| 2007 | 8,208 | €181.04 milliún |
| 2008 | 8,845 | €217.16 milliún |
| 2009 | 8,643 | €200.22 milliún |

### Dámhachtain de réir Chatagóir Éileamh

I 2009, bhain 72% de dhámhachtainí le cásanna Dliteanas Mótair, bhain 11% le Dliteanas Fostóra agus 17% le Dliteanas Poiblí.





***Figiúr 1.1* % Briseadh síos ar dhámhachtainí 2009 de réir catagóire**

## Meánluach na nDámhachtainí de réir Catagóire

Léiríonn Figiúr 1.2 thíos meánluach na ndámhachtainí de réir na gcatagóirí éagsúla i 2009 e.g. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra, agus Dliteanas Poiblí. Bhí an meánluach de €23,166 i 2009, 6% níos ísle ná 2008, ach 5% níos airde na meán 2007. Agus cás ualach an Bhoird ag athrú gach bliain ag léiriú na timpeallachta eacnamaíochta agus teacht isteach éileamh nua, beidh éagsúlacht i meánluach na ndámhachtainí ó bhliain go bliain. Ag teacht le taithí na mblianta, bhí dámhachtainí i gcatagóir an dhliteanais fhostóra ar na cinn ba airde ag suim €31,970 san iomlán, ag léiriú go mbíonn nádúr na ngortuithe sna tionóiscí seo go minic tromchúiseach agus casta.


*Figiúr 1.2* ***Meánluach na ndámhachtainí de réir Catagóire 2009***




## Raon Dámhachtainí – Dámhachtainí is airde/ísle

Léirítear na dámhachtainí ab airde agus ab ísle i 2009 i bhfigiúr 1.3.

*Figiúr 1.3* ***Raon Dámhachtainí***




## Briseadh síos ar líon iomlán Dámhachtainí i 2009 de réir Luacha agus Chatagóir Éileamh

Tá tuairim agus 63% de dhámhachtainí InjuriesBoard.ie faoi €20,000 agus 88% faoi €38,000. Tá sé sin ag teacht le próifíl stairiúil na ndámhachtainí díobhála pearsanta sna cúirteanna.

Tá anailís gheografach mionsonraithe de na dámhachtainí le fáil in Aguisín 3.

# ALT 1

## MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

*Tábla 1.2* ***Briseadh síos ar an líon iomlán dámhachtainí i 2009 (de réir Luacha agus Chatagóir Éileamh)***


| Luach na Dámhachtana (€) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| < 20k | 4271 | 390 | 823 | 5484 |
| 20-38k | 1450 | 329 | 409 | 2188 |
| 38-100k | 468 | 205 | 204 | 877 |
| >100k | 68 | 19 | 7 | 94 |
| **Iomláin** | **6257** | **943** | **1443** | **8643** |

### Meánluach de réir Cúige/Catagóire 2009

Léiríonn Tábla 1.3 an briseadh síos ar na meánluachanna de réir catagóire dliteanais ar bhonn cúige.

*Tábla 1.3* ***Meánluach de réir Cúige agus Catagóire i 2009***

| Cúige | 2009 Meanluach |
|---|---|
| **BAILE ÁTHA CLIATH** | |
| Dliteanas Mótair | €20,845 |
| Dliteanas Fostóra | €26,796 |
| Dliteanas Poiblí | €22,710 |
| **CÚIGE LAIGHEAN** | |
| Dliteanas Mótair | €23,985 |
| Dliteanas Fostóra | €40,429 |
| Dliteanas Poiblí | €23,577 |
| **CONNACHT-ULADH** | |
| Dliteanas Mótair | €23,960 |
| Dliteanas Fostóra | €34,624 |
| Dliteanas Poiblí | €25,817 |
| **MUMHAN** | |
| Dliteanas Mótair | €20,003 |
| Dliteanas Fostóra | €29,493 |
| Dliteanas Poiblí | €22,458 |




*Figiúr 1.4* ***Líne Ama Cúitimh***

## Líne Ama Measúnaithe

Ta sé de dhualgas ar InjuriesBoard.ie faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de naoi mí den fhreagróir toiliú do phróiseas an Bhoird. Léiríonn torthaí 2009 InjuriesBoard.ie go raibh an meán am a thóg sé measúnú a dhéanamh níos lú ná seacht mí mar thoradh ar thiomantas leanúnach an Bhoird d'éifeachtacht agus d'athbhreithniú an phróisis leanúnaigh.

## Iarratais

De réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, tá gach éileamh díobhála (seachas

Faillí Liachta agus catagóirí éilimh eile mar atá leagtha amach in Alt 4 den Acht) á bpróiseáil trí InjuriesBoard.ie. Fuair InjuriesBoard.ie 25,919 iarratas ar an iomlán in 2009 (ardú 5% ar 2008). Bhain na hiarratais seo le héilimh dhíobhála pearsanta do Dhliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí. Bhí tionóiscí san ionad oibre síos 6.5% agus d'ardaigh éilimh mótair agus éilimh dhliteanas poiblí 7.5% agus 6%, faoi seach.

Mar thoradh ar bhunú InjuriesBoard.ie i 2004, an luas lena ndéileáiltear le héilimh agus comhsheasmhacht na ndámhachtainí, rinneadh athrú suntrasach ar an tslí a réitítear éilimh dhíobhála pearsanta anois.

Suas le deich mbliana ó shin bhí ós cionn 30,000 imeacht cúirte a bhain le díobháil phearsanta ann gach bliain. Tá líon na gcásanna a bhfuil i mbun na dlíthíochta sin anois síos go dtí thart ar 14,000. Go hiondúil, tagann na cásanna seo chun cinn áit nach bhfuil an t-údarás ag InjuriesBoard.ie déileáil leis na héilimh (i.e. nuair atá díospóid faoi dhliteanas).


Tá líon na n-éileamh atá ag dul i mbun dhlíthíocht gearrtha siar go mór agus tá formhór suntasach na n-éileamh díobhála pearsanta anois á réiteach ag an mBord trí dhámhachtain fhoirmiúil nó trí réiteach luath idir na páirtithe a bhaint amach, arna éascú ag an mBord.

2009



Tuarascáil Bhliantúil

InjuriesBoard.ie



# ALT 2

## COSTAIS RIARACHÁIN A BHAINEANN LE MEASÚNÚ AR ÉILIMH DHÍOBHÁLA PEARSANTA A LAGHDÚ

# ALT 2

## COSTAIS RIARACHÁIN A BHAINEANN LE MEASÚNÚ AR ÉILIMH DHÍOBHÁLA PEARSANTA A LAGHDÚ

### Gníomhaireacht Fhéinmhaoinithe

**CEADAÍONN AN TACHT UM BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA 2003 DEONTAS BHLIANTÚIL A ÍOC LEIS AN MBORD AGUS CUIREADH MAOINIÚ AR FÁIL ÓN STÁTCHISTE AG AN TÚS. Ó SHIN I LEITH, ÁFACH, LEAN AN BORD LE POLASAÍ FÉINMHAOINITHE A BHRAITH AR IONCAIM A FUARTHAS GO PRÍOMH Ó FHREAGRÓIRÍ CHUN A CHUID GNÍOMHAÍOCHTAÍ A MHAOINIÚ. RINNEADH AN STÁDAS FÉINMHAOINITHE SEO A CHOTHABHÁIL I 2009 LE TORADH AIRGEADAIS A THUG BARRACHAS DO BHEAGÁN OS CIONN €0.5MILLIÚN CHUIG AN MBORD.**

Baineadh an toradh seo amach in ainneoin an riachtanais soláthar suntasach agus stuama a dhéanamh maidir le sraith agóidí dlíthiúla i gcoinne cinntí a rinne an Bord agus a bhaineann go sonrach le ceadú costas dlí, ar leithligh ón leibhéil cúitimh a rinneadh measúnú air, i gcatagóir amháin éileamh.

I 2009, choinnigh an Bord an fócas láidir ar a chuid seirbhísí a sheachadadh ar na bealaí is costas-éifeachtúla agus is éifeachtaí. Chun na críche sin, rachadh i mbun roinnt tionscnaimh spriocdhírithe chun costais riaracháin a laghdú agus éifeachtach a fheabhsú.

- Ó bunaíodh é, tá an Bord ag feidhmiú ar bhunús oifig gan páipéar, ag aithint buntáistí na teicneolaíochta don phróiseas bainistíochta éileamh. Is é an dul chun cinn nádúrtha leis an bhfealsúnacht seo ná bogadh chuig comhfhreagras leictreonach leis na príomhgheallsealbhoirí. Baineadh amach an chéad staid den bhogadh seo i 2009 agus seacht bpríomhárachóir (ag déanamh ionadaíochta ar os cionn 80% de fhreagróirí) rannpháirteach. Mar thoradh air seo, tháinig ardú fiche cúig faoin gcéad i gcomhfhreagras leictreonach chomh maith le héifeachtúlacht níos fearr agus sábháil an-suntasach a bhaint amach. Tá úsáid comhfhreagras leictreonach á leanúint le geallsealbhoirí eile, ina measc na ngairmeacha liachta agus dlí i 2010.
- Ag teacht le beartas an Rialtais chun táillí gairmithe a laghdú, bhain an Bord amach laghdaithe i gcostais coinní liachta. Rinne sé seo sábháil de €225,000 i 2009 agus bainfidh sé amach sábháil níos airde i 2010 agus sna blianta ina dhiaidh.
- Baineadh amach sábháil shuntasach de idir 55% agus 85% freisin i gcostais seirbhísí gairmiúla eile ar nós an dlí, caidrimh poiblí agus anailís staitistiúil go príomha trí níos mó úsáide a bhaint as sócmhainní inmheánacha.
- Foilsíodh treoirlínte a leag amach na cúinsí teoranta ina féidir leis an mBord roinnt táillí dlíthiúla a bhronnadh. Go hiondúil, baineann na cásanna seo le mionaoisigh, básanna agus cúinsí eisceachtúla eile.

Ba é tionchar carnach na dtionscnamh seo ná na costais lasmuigh den fhoireann a laghdú 26%. Léiríonn cuntais an Bhoird ag deireadh 2009 barrachas de bheagán os cionn €0.5milliún, ag léiriú an tiomantais láidir smacht a choinneáil ar na costais a bhaineann le riaradh éileamh. Níor ardaigh táillí freagróirí agus éilitheoirí ón chéad lá d'Eanáir 2008.

### Sábháilt Costais mar thoradh ar Dhámhachtainí de chuid InjuriesBoard.ie

I 2009, sheachaid InjuriesBoard.ie an leibhéal reatha cúitimh ag costas seachadta de bheagán os cionn 8% i gcoinne an 46% a bhí ann faoin gcóras dlithíochta roimh bhunú an Bhoird. Níl costais sheachadta de chuid InjuriesBoard.ie bunaithe ar chéatadán mhéid an mheasúnaithe ach is táillí socraithe iad don éilitheoir (€50) agus don Fhreagróir (€1,050).

Tugann sonraí atá ar fáil ó scéimeanna cúiteamh lasmuigh de réimse freagrachta InjuriesBoard.ie le fios go bhfuil na costais dlithíochta a bhaineann leo fós mar ábhar mór imní. Is léir faoi láthair freisin go bhfuil go leor cásanna díobhála pearsanta ag sárú an

méanfhorchostas dlíthíochta de 46% mar a aithnítear i dtuarascálacha MIAB.

I 2009, ghlac custaiméirí le 5,387 dámhachtain ó InjuriesBoard.ie agus glacadh le €118.2 milliún i gcúitimh mar thoradh air sin. Ba iad na figiúirí cuí do 2007 ná 5,000 dámhachtain agus luach do €102 milliún i ndámhachtainí ar glacadh leo agus i 2008 san iomlán bhí 5,670 dámhachtain ag luach €131 milliún mar atá leagtha amach i dtábla 2.1 thíos.

Cé go rinne InjuriesBoard.ie 8,643 dámhachtain i 2009, ar mhaithe le sábháiltí díreacha a ríomh ní dhéanaimid ach éileamh a ghlac Éilitheoirí agus Freagróirí leo a ríomh.

Is féidir le sábháiltí breise a theacht chun cinn maidir le dámhachtain eile toisc go ndéantar go leor díobh a réiteach ina dhiaidh sin gan gá le héisteacht Cúirte. Ina theannta sin, tagann sábháiltí substaintiúla eile chun cinn nuair a bhaintear amach socrú díreach roimh mheasúnú InjuriesBoard.ie. Meastar go ndéantar suas le 8,000 cás idir páirtithe a réiteach i ndiaidh dóibh teagmháil thosaigh a dhéanamh le Lárionad Seirbhíse an Bhoird, a dhéanann cumarsáid idir an Éilitheoir agus an Fhreagróir a fheabhsú. Níl sonraí cuimsitheacha ar leibhéal na socruithe seo ar fáil go fóill ón Tionscal Árachais.

***Tábla 2.1* Líon Iomlán agus Luach Dámhachtainí de chuid InjuriesBoard.ie ar glacadh leo**

| | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Líon Dámhachtainí ar glacadh leo | 5,000 | 5,670 | 5,387 |
| Luach iomlán Dámhachtainí ar glacadh leo | €102 milliún | €131.34 milliún | €118.2 milliún |

Léiríonn Tábla 2.2 thíos costais seachadta iarbhíre €10.3m de chuid injuriesboard.ie i 2009 agus cuirtear sin i gcomparáid le forchostas measta ar dhámhachtain leis an luach céanna a sheachadadh faoin gcóras dlíthíochta (46%) i.e. €54.4 milliún. Léirítear na coigiltí a tháinig as sin sa tsraith íochtarach. Bhí coigiltí díreacha de chuid InjuriesBoard.ie i 2009 ag €44.1 milliún.

***Tábla 2.2* Costais Sheachadta de chuid InjuriesBoard.ie agus Coigiltis Mheasta Costais**

| | 2007 | 2008 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Costais Sheachadta Iomlán de chuid InjuriesBoard.ie | €7.4m | €10.19m | €10.3m |
| Costais Dlíthíochta Comparáideacha | €47.15m | €60.41m | €54.4m |
| Coigiltí Iarbhíre (InjuriesBoard.ie vs. An Córas Dlíthíochta) | €39.75m | €50.22m | €44.1m |

2009



Tuarascáil Bhliantúil

InjuriesBoard.ie



# ALT 3

## SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

# ALT 3

## SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

### Seirbhís do Chustaiméirí

**I 2009, LEAN INJURIESBOARD.IE AG CUR PRÓISEAS MEASÚNAITHE ÉILEAMH ATÁ FOLLASACH AGUS ÁISIÚIL AR FÁIL.**

**SOLÁTHRAÍONN IONAD SHEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ AN BHOIRD**

- **EOLAS SONRAITHE AGUS CABHAIR D'ÉILITHEOIRÍ AGUS FREAGRÓIRÍ A D'FHÉADFADH A BHEITH ANN CHUN A N-ÉILEAMH A CHUR AR AGHAIDH**
- **TREOIR SHONRAITHE AGUS CABHAIR D'ÉILITHEOIRÍ FAOIN EOLAS A THEASTAÍONN UATHU CHUN A N-IARRATAS A CHRÍOCHNÚ**

**IS FÉIDIR ROCHTAIN A FHÁIL AR AN IONAD SHEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ AG AN UIMHIR LÓ-GHLAO 1890 829121 Ó 8AM GO 8PM LUAN GO AOINE.**

**I 2009, FUAIR AN LÁRIONAD ÓS CIONN 58,000 GLAOCH, AGUS FREAGRAÍODH 97% DÍOBH SIN LAISTIGH DE 23 SOICIND I NDIAIDH TEACHTAIREACHT BÉIL GEARR. LÁIMHSEÁLADH BREIS IS 388,000 MÍR SA PHOST AGUS SOCRAÍODH 15,665 COINNE LIACHTA.**

Cabhraíonn an tIonad Sheirbhís do Chustaiméirí le héilitheoirí faoi mhíchumas (m.sh. daoine go bhfuil lagú éistachta orthu agus leo siúd a bhíonn ag iarraidh a n-éileamh a phróiseáil as Gaeilge. Is féidir leis an Ionad cabhair a thabhairt do dhaoine nach bhfuil mórán Béarla acu, lena n-áirítear coimisiniú aistriúcháin ar phríomhdhoiciméid.

Bhí aiseolas dearfach ag teacht ó chustaiméirí a chuaigh i dteagmháil le InjuriesBoard.ie tríd an líne cabhrach agus tuairiscíodh ardleibhéil sásaimh. Leagtar amach achoimre ar an aiseolas seo thíos:

- deir **96%** de na héilitheoirí seo gur déileáladh lena gcuid glaonna ar bhealach cúirtéiseach, cairdiúil agus cabhrach.
- deir **88%** díobh siúd a ceistíodh gur cheap siad gur freagraíodh a gcuid ceisteanna go sásúil.
- deir na héilitheoirí ar fad go raibh tuiscint acu anois dar leo ar phróiseas InjuriesBoard.ie
- deir **72%** d'éilitheoirí díreacha a rinneadh suirbhé orthu go raibh siad sásta leis an t-seirbhís eolais agus bhí 20% an-sásta.

## Teicneolaíocht an Eolais

**IS RUD LÁRNACH É TEICNEOLAÍOCHT EOLAIS AGUS CUMARSÁIDE (ICT) CHUN PRÍOMHCHUSPOIRÍ AN BHOIRD A BHAINT AMACH. TÁ INFREASTRUCHTÚR TEICNEOLAÍOCHA ATÁ COTHROM LE DÁTA AGUS ATÁ ÉASCA LE HÚSÁID CURTHA AR FÁIL CHUN TACÚ LE FEIDHMIÚ ÉIFEACHTACH NA HEAGRAÍOCHTA, AG BAINT ÚSÁID AS TEICNEOLAÍOCHTAÍ DEN SCOTH SA LÁRIONAD MEASÚNAITHE CHOMH MAITH LE AR FUD AN LÁRIONAID SHEIRBHÍSE SEACHFHOINSITHE.**

Tacaíonn ardán teicniúil agus príomhfheidhmeanna an Bhoird leis na riachtanais ghnó reatha agus le riachtanais ghnó amach anseo (i.e. oifig saor ó pháipéar, córais bunaithe ar an idirlíon agus córais eolais inmheánacha). Áirítear leo siúd córas airgeadais sofaisticiúil, ríomhphost, uathoibriú oifige agus cumarsáid. I rith 2009, cuireadh inúsaidteacht 99.9% ar fáil.

Ba thosaíocht a bhí i bheith ag obair saor ó pháipéar i gcaidrimh an Bhoird le príomhgheallsealbhóirí i 2009. Baineadh amach ardú fiche cúig faoin gcéad i gcomhfhreagras leictreonach agus éifeachtacht foriomláine trí thionscnaimh a chomhlíonadh inar aontaigh seacht bpríomhárachóirí (ag déanamh ionadaíochta ar 80% d'fhreagróirí) comfhreagras a dhéanamh leis an mBord i bhformáid criptithe slán. Beidh an tionscnamh seo á síneadh do gheallsealbhóirí eile i 2010.

## Acmhainní Daonna

**IS RUD LÁRNACH Í FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH CHUN RÁITEAS MISIN DE CHUID INJURIESBOARD.IE A SHEACHADADH. AG DEIRIDH 2009, BHÍ 74 DUINE FOSTAITHE AG INJURIESBOARD.IE Ó CHÚLRAÍ ÉAGSÚLA Ó THAOBH TAITHÍ AGUS GAIRMIÚLACHTA.**

### An Scoth Trí Dhaoine

Is é an Scoth Trí Dhaoine an caighdeán náisiúnta in Éirinn do bhainistíocht acmhainní daonna agus cuireann sé creat oibre aitheanta ar fáil d'eagraíochtaí chun feidhmíocht a fheabhsú agus straitéisí a réadú trína gcuid daoine a fhorbairt agus a bhainistiú. Is iad cuspóirí ETP ná feidhmiú mar uirlis feabhsúcháin gnó chomh maith le h-athrú agus nuálaíocht a thiomáint laistigh den eagraíocht agus chun foghlaim, forbairt agus rannpháirtíocht an fhostaí, a chur chun cinn ag teacht le spriocanna na hEagraíochta.

I 2009, chuir InjuriesBoard.ie isteach air agus bhain siad amach creidiúnú an Scoth Trí Dhaoine i ndiaidh scrúdú dhian d'ocht gcritéir lena n-áirítear Pleanáil Gnó agus Feabhas Cáilíochta, Rannpháirtíocht Daoine agus Cumarsáid Éifeachtach, Traenáil, Earcaíocht agus roghnú maidir le Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Folláine Fostaithe. I measc na gcuideachtaí eile a bhain amach an creidiúnú ETP tá comhlachtaí earnála poiblí príobháideacha agus poiblí ar nós Allianz Plc, Bord Gáis, Cadbury Ireland, FedEx Express, KBC Bank, Lisney agus aonaid de na Coimisinéirí Ioncaim agus de na Fórsaí Cosanta.

# ALT 3

## SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

### Tionscnaimh eile

- I rith 2009 bhuail Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird ina raibh 14 comhalta le chéile ar bhonn míosúil
- Bunaíodh Comhchomhairle Comhairleach lena mbaineann an trí cheardchumann a dhéanann uiríoll ar an bhfoireann
- Cuireadh iomlán de 137 lá oiliúna ar fáil i rith 2009
- Bunaíodh Coiste Sláinte agus Sábháilteachta faoi théarmaí an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus ceapadh Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta
- Ullmhaíodh Ráiteas Sábháilteachta agus Measúnaithe Riosca agus cuireadh i láthair é don fhoireann ar fad
- Déanadh dul chun cinn substaintiúil ar thabhairt isteach Chóras Bainistithe Taifead nua.

### Iniúchtaí Inmheánacha

Is mír lárnach í an fheidhm iniúchta inmheánaigh chun an Bord a chur ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ag teacht chun cinn ó phróiseas iomaíoch, ceapadh Tribal Helm mar iniúchóirí inmheánacha don tréimhse 2009-2011. Tá Plean Straitéise Iniúchta Inmheánaigh ullmhaithe ag Tribal Helm a leagan amach clár oibre do thréimhse trí bliana a cheadaigh an Coiste Iniúchta.

Ullmhaíodh tuarascálacha iniúchóra inmheánaigh a chlúdaigh rialachas chorparáidigh, ICT agus Slándáil Eolais agus rialuithe airgeadais i 2009 agus cuireadh os comhair an choiste iniúchta iad.

### Rialachas Corparáideach

**OIBRÍONN INJURIESBOARD.IE DE RÉIR FHORÁLACHA AN ACHTA UM BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA 2003. OIBRÍONN AN BORD FAOI CHOIMIRCE AN AIRE FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA, GO BHFUIL CUMHACHT ACU FAOIN ACHT SEO MAOINIÚ A SHOLÁTHAR DON GHNÍOMHAIREACHT LENA CHUR AR A CUMAS A DUALGAIS A CHOMHLÍONADH; AGUS EOLAS AR GHÍOMHAÍOCHT NA GNÍOMHAIREACHTA A LORG.**

**I DTEANNTA A REACHTAÍOCHTA RIALAITHE FÉIN, CAITHFIDH AN BORD CLOÍ LE RAON EILE DE RIACHTANAIS REACHTÚLA (NÁISIÚNTA AGUS AE) AGUS RIARACHÁIN. GO hÁIRITHE, TÁ NÓSANNA IMEACHTA CURTHA I BHFEIDHM LENA CHINNTIÚ GO gCOMHLÍONFAR NA RIACHTANAIS SEO A LEANAS:**

#### Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta InjuriesBoard.ie forbartha agus curtha i bhfeidhm lena chinntiú go gcloíonn sé leis an gCód Cleachtais seo. Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gach bliain don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta gur cloíodh leis an gCód. I rith 2009, foilsíodh Cód Cleachtais leasaithe. Tá an Bord faoi láthair ag críochnú Chur i bhFeidhm an riachtanais bhreise atá leagtha amach sa Chód leasaithe.

#### An Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tagann InjuriesBoard.ie laistigh de scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun cloí leis an Acht.

De réir an Achta thuas tá ráitis shainleasa curtha i gcrích ag comhaltaí an Bhoird agus gach ball foirne a bhfuil post sainithe acu ag cloí le forálacha an Achta. Sa bhreis air sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm do nochtadh leanúnach leasanna Chomhaltaí an Bhoird agus Foirne ag Leibhéal Bainistíochta.

## An Acht um Shábháilteacht, Sláinte, agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Acht um Shábháilteacht, Sláinte, agus Leas ag an obair, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mBord chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá glactha aige le ráiteas sábháilteachta a chuimsíonn gach gné de leas na foirne.

## Na nAchtanna un Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá InjuriesBoard.ie tiomanta do pholasaí chomhionannas deiseanna agus glactar cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá InjuriesBoard.ie tiomanta do thimpeallacht oibre/saoil chothrom a fhorbairt don fhoireann ar fad. Oibríonn sé socruithe fhreastail agus uaire oibre atá solúbtha faoi láthair.

## Na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe é InjuriesBoard.ie faoi na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an Bord de réir Bheartas Cosanta Sonraí foirmiúil mar a comhaontaíodh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cuireann sé seo an Bord chun tosaigh ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin ag cosaint cearta bunúsacha príobháideachta an duine agus ag feidhmiú smachta ar a mbealach a chuirtear eolas pearsanta ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann InjuriesBoard.ie faoi réimse freagrachta Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fail chun seirbhísí a sheachadadh i nGaeilge. De réir Alt 10 den Acht seo, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil sin go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

## Soláthar

Is tairiscint iomaíoch an nós imeachta a úsáideann an Bord de ghnáth sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar thairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha soláthair. Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar nósanna imeachta tairisceana i ndáil le tairiscint iomaíoch. Áireofar leis sin go gcloífear le treoirlínte náisiúnta agus le Treoracha AE, a bhfuil feidhm dlí leo in Éirinn agus i ngach Ballstát. Déanann an Bord athbhreithniú ar a chuid nósanna imeachta agus beartais soláthair go leanúnach agus tugann sé suas chun dátá é.

## An Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann InjuriesBoard.ie faoi réimse freagrachta an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002. Is é beartas an Bhoird ná cinntiú go ndéantar traiceáil ar gach sonrasc agus go n-íoctar iad go tapa roimh an dáta dlite chun críche úis agus táillí. Tá na nósanna imeachta ar bun chun dearbhuithe réasúnacha a chur ar fáil maidir le neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

## Cánachas

Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta ar bun lena chinntiú go bhfuil an Bord ina eiseamlár agus é ag comhlíonadh a n-oibleagáid faoi dhlíthe cánacha agus go n-íocfar dliteanais chánach ar nó roimh na dátaí dlite iomchuí.

# 2009



Tuarascáil Bhliantúil

InjuriesBoard.ie



# ALT 4

## FEASACHT FAOI INJURIESBOARD.IE A MHÉADÚ AGUS CUR GO DEARFACH LEIS AN TIMPEALLACHT RÉITEACH ÉILEAMH

# ALT 4

## FEASACHT FAOI INJURIESBOARD.IE A MHÉADÚ AGUS CUR GO DEARFACH LEIS AN TIMPEALLACHT RÉITEACH ÉILEAMH

### Foilsiú Taighde

**CHUN A RÉIMSE FREAGRACHTA Ó THAOBH ÍOCAÍOCHTAÍ CÚITIMH A CHOMHLÍONADH, BAILÍONN INJURIESBOARD.IE SONRAÍ SUBSTAINTIÚIL AR DHÍOBHÁLACHA AGUS AR NA hIMTHOSCA A mBÍONN TIONÓISCÍ MAR THORADH ORTHU I RAON LEATHAN SUÍOMHANNA. IN 2009, D'FHOILSIGH AN BORD DHÁ ATHBHREITHNIÚ CHUIMSITHEACH AR DHÍOBHÁLACHA A THARLA DE BHARR TIONÓISCÍ SAN IONAD OIBRE AGUS IN ÁITEANNA POIBLÍ. CUIREANN NA hATHBHREITHNITHE SEO LÉARGAS SUNTASACH AR FÁIL MAIDIR LEIS NA CÚISEANNA A BHÍONN LE TIONÓISCÍ AGUS NA hEARNÁLACHA NÓ ÁITEANNA A mBÍONN AN RIOSCA IS MÓ AG BAINT LEO. TÁ NA SONRAÍ FOILSITHE LUACHMHAR DO GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA ACH GO hÁIRITHE Ó THAOBH A GCUID MEASÚNAITHE RIOSCAÍ AGUS CEADAÍONN SIAD ACMHAINNÍ ATÁ GANN A DHÍRIÚ AR NA RÉIMSÍ IS CRITICIÚLA.**

**CLÚDAÍODH NA hATHBHREITHNITHE SEO GO CUIMSITHEACH SNA MEÁIN NÁISIÚNTA AGUS ÁITIÚLA. I MEASC NA BPRÍOMHTHORTHAÍ BHÍ:**

### Athbhreithniú Dliteanais Phoiblí

Sheas 70% de na 2,860 dámhachtain Dliteanais Phoiblí do mhná–dhá oiread na bhfear (2.3 uair). Tá a mhalairt fíor ó thaobh sonraí na dtionóiscí san ionad oibre nuair nár sheas ach 30% de dhamhachtainí do mhná.

Tharla 56% de thionóiscí Dliteanais Phoiblí i mbunaíochtaí faoi úineireacht phríobháideach– tarlaíonn beagnach gach tionóisc amháin as gach ceithre tionóisc (24%) in ionaid mhiondíola/siopadóireachta, tarlaíonn tionóisc amháin as gach cúig thionóisc (19%) i dteach tábhairne/i gcluboíche nó i mbialann agus tarlaíonn 13% díobh i saoráidí áineasa ar nós clubanna spóirt/giomnáisiamí agus pictiúrlanna. Rinneadh os cionn ceathrú de dhámhachtainí Dliteanais Phoiblí (27%) in aghaidh Údáras Áitiúil agus bhain 6% breise díobh le seirbhísí iompair agus fóntais.

Sheas formhór na ndíobhálacha pearsanta (67%) in áit phoiblí do sciorradh, coir choise agus titim. Áiríodh ar na cásanna eile, buailte ag rud éigin a thit nó a bhí ag imeacht san aer (11%), díobháil de bharr innealra (5%), dónna/scóladh (2%) agus nimhiú bia (1%).

Léiríonn athbhreithniú ar na cineálacha díobhála a fuarthas go bhfhaigheann go leor íospartach díobhála dhá dhíobháil ar a laghad. Is iad leontaí (40%) an díobháil is coitianta, ina dhiaidh sin tá brú craicinn (32%), bristeacha (29%) agus stolltaí (25%).

### Athbhreithniú Dliteanais Fostóra

De réir an staidéir, bronnadh cúiteamh iomlán de €31.4 milliún i ndáil le 972 éileamh ar thionóiscí san ionad oibre in 2008. Thug an t-athbhreithniú léargas luachmhar ar thionóiscí san ionad oibre in Éirinn agus leagann sé béim shonrach ar na cúiseanna is suntasaí a bhíonn le tionóiscí agus ar na hearnálacha a bhfuil an riosca is mó ag baint leo.

I measc na bpríomhthorthaí bhí:

**Suíomh:** Tháinig 28% de na dámhachtainí chun cinn ó thionóiscí san earnáil thógála, 20% i ndéantúsaíocht agus tharla 13% díobh in óstáin agus i mbialanna. Áiríodh ar na hearnálacha eile as a dtáinig tionóiscí chun cinn mórdíol/miondíol (12%), comhlachtaí poiblí (9%) agus iompar/stóráil (5%).

**Cúiseanna:** Ba iad na príomhchúiseanna le tionóiscí san ionad oibre a athbhreithníodh ná sciorradh, coir choise agus titim (44%), crochadh/láimhseáil (18%), innealra agus trealamh lochtach (16%), gearrthacha, dónna agus scóladh (7%).

**Cineál díobhála:** Léiríonn athbhreithniú ar na cineálacha díobhála a fuarthas go bhfaigheann go leor íospartach díobhála dhá dhíobháil ar a laghad. Is iad leontaí (40%) an díobháil is coitianta, ina dhiaidh sin tá brú craicinn (32%), bristeacha (29%) agus stolltaí (25%).

## Clár Rannpháirtíochta an Gheallsealbhóra

Lean clár leanúnach Rannpháirtíochta an Gheallsealbhóra ar aghaidh in 2009 a raibh 29 cur i láthair chuig grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar fhostóirí, ar cheardchumainn, ar ghairmithe sláinte agus ar dhaoine eile a bhuil suim acu i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta mar thoradh air. Cuidíonn an Clár seo feasacht a ardú ar an mBord agus tuiscint ar conas a sheachadtar cúiteamh i bpróiseas 'cáipéisí amháin' neamhsháraíochta a fheabhsú.

## Dáileadh Bileog Eolais

Mar chuid de chlár ardaithe feasachta an Bhoird, rinneadh socruithe in 2009 chun bileoga eolais de chuid InjuriesBoard.ie a dháileadh chuig os cionn 1,100 lialann agus suíomhanna seirbhísí sláinte chomh maith le 100 Ionad Faisnéise Saoránach chomh maith.

2009



InjuriesBoard.ie

Tuarascáil Bhliantúil



# ALT 5

## RÁITIS AIRGEADAIS

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Clár


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 31 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 32 |
| Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh | 33 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 34 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 36 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 37 |
| Clár Comhardaithe | 38 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 39 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 40 |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Eolas Ginearálta

| | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Dorothea Dowling *Cathaoirleach* | (Athcheaptha 13 Aibreán 2009) |
| | An Seanadóir Joe O'Toole | (Athcheaptha 24 Aibreán 2009) |
| | Patricia Byron | |
| | John Fay | (Athcheaptha 24 Aibreán 2009) |
| | Tom Noonan | (Athcheaptha 13 Aibreán 2009) |
| | Jerry Fitzpatrick | (Ceaptha 24 Aibreán 2009) |
| | Ann Fitzgerald | |
| | Mary O' Dea | |
| | Tanya Holly | (Ceaptha 24 Aibreán 2009) |
| | Frank Cunneen | (Athcheaptha 13 Aibreán 2009) |
| | An tOllamh Denis Cusack | (Athcheaptha 13 Aibreán 2009) |
| | Pat Healy | (Scortha 12 Aibreán 2009) |
| | Frances Cooke | (Scortha 12 Aibreán 2009) |

**Oifig**
Teach Grain
Halla an Mhalartáin,
Cearnóg Belgard ó Thuaidh
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

**Iniúchóir**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

**Baincéirí**
Banc na hÉireann
An tSráid Mhór
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

**Aturnaetha**
Arthur Cox & Co.
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

**An Láithreán Gréasáin**
www.injuriesboard.ie

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009


## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 ar an mBord ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.

Agus an Bord ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear air:

- Polasaithe cuntasaÌochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbÌonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- A lua ar leanadh caighdeáin chuntasaÌochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábharthach sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 77 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.





Joe O'Toole
Thar ceann an Bhoird

15 Aibreán 2010

Jerry Fitzpatrick
Thar ceann an Bhoird

15 Aibreán 2010

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir le córas airgeadais inmheánach den sórt sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh earráide ábharthaí. Tugann an córas deimhniú réasúach go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí ábharthacha agus mírialtachtaí a chosc nó a aimsiú laistigh de thréimhse thráthúil.

### Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- coiste Iniúchta a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

Leanann an Bord de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a íoslaghdú;
- measúnú a dhéanamh ar oibriú chostais rialuithe áirithe i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas chleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord tríd an gCoiste Airgeadais;
- ráiteas faoi shreabhadh airgid míosúil le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra, a athbhreithníonn Coiste Airgeadais an Bhoird;
- feidhmiú chóras cuntasaíochta airgeadais – tá córas bogearrraí ríomhaire bunaithe ag an mBord lena n-áirítear pacáiste cuntasaíochta chun na rialaithe airgeadais inmheánaigh a éascú.


Tá Coiste Iniúchta agus gnólacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun feidhme iniúchta inmheánaigh. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh de réir Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Bunaíodh Coiste Airgeadais chun ráitis airgeadais bhliantúla agus buiséid bhliantúla a athbhreithniú agus forléargas a dhéanamh ar nósanna imeachta airgeadais go ginearálta. Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchta agus faoi réir fhaomhadh an Bhoird.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

### Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Chomhlachtaí Stáit

Deimhním gur cloíodh le Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Chomhlachtaí Stáit, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.



**Dorothea Dowling**
*Cathaoirleach*

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain 31 Nollaig 2009 iniúchta agam faoin Acht um Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Clár Comhardaithe, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

### Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Faoi Seach

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord na ráitis airgeadais i gcomhréir le Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leo go Ginearálta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é an fhreagracht atá orm iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir cheanglais dlí agus rialála iomchuí agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leo go Ginearálta in Éirinn. Tuairiscím freisin ar coinníodh leabhair chuntais chuí i mo thuairim nó nár coinníodh. Chomh maith leis sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag aontú leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam atá riachtanach chun críocha m’iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmhéanach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

### Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Ag cleachtadh mo fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thug mé faoi m’iniúchta ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire) a d’eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na breathnuithe speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir le hiad a bhainistiú agus a fheidhmiú. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaìtear agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beaertais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh dóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin. Agus mé ag teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar dhóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais chomh maith.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2009 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Meitheamh 2010

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

### Bunús an Ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhruithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil de réir chleachtas cuntasaíochta atá glactha go ginearálta agus tá siad sn fhoirm a comhaontaíodh leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra a luaitear sna ráitis airgeadais.

### Ioncam ó Tháillí

Tá ioncam ó tháillí comhdhéanta de Tháillí Éilitheoirí agus Freagróirí. Aithnítear táillí éilitheoirí ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear Táillí Freagróra nuair a thoiltear chuig próiseas measúnaithe an bhoird.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne dírí ag rátaí a mheastar a laghdóidh sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saoil úsáidigh mheasta mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Áitreabh Léasachta | An méid blianta atá fágtha ar an léas | |
| Crua-earraí/Bogearraí IT | 25% | Líne Dhíreach |
| Trealamh Oifige | 20% | Líne Dhíreach |
| Fearais & Feistis | 12.50% | Líne Dhíreach |
| Trealamh Oifige | 12.50% | Líne Dhíreach |

### Cánachas

Tá an Bord díomhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an díolúine séo le hús taisce. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach i gceist (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

### Léas Oibríochta

Cuirtear íocaíochtaí faoin léas oibríochta chun muirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### Aoisliúntas

Toisc na socruithe, mar a bhfuil tuairisc orthu i Nóta 13, atá an Bord ag cur ar bun maidir leis an scéim shochair shainithe a bheidh i bhfeidh d'fhostaithe, is é dearcadh an Bhoird nach bhfuil forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, i ndáil le cuntasaíocht do dhliteanais phinsin a thagann chun cinn faoi scéimeanna shochair shainithe infheidhme maidir lena n-imthosca. Dá réir sin, cuireann an Bord na ranníocaíochtaí fostóra de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain, amhail is dá mba scéim ranníocaíochtaí sainithe í an scéim.

### Cúlchiste Ginearálta

Le don Bhord a fheidhmeanna a fhorbairt, d'fheadfadh go mbeadh sé riachtanach go mbainfí leas as caingean dlí chun táillí atá dlite dó a aisghabháil faoin Acht. I gcásanna áirithe, measann an Bord go bhfuil sé stuama go bhfuil acmhainní dóthanacha ar fáil chun na costais sin a sheasamh.

Dá réir sin, aistrítear méideanna ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCúlchiste Ginearálta nuair a mheastar sin a bheith riachtanach.

### Féichiúnaithe

Díscríobhtar drochfhiacha atá ar eolas agus déantar soláthar sonrach d'aon mhéideanna a gceaptar go mbeadh a mbailiú amhrasach.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

| | NÓTAÍ | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ó Tháillí | 1 | 14,275,856 | 12,859,329 |
| Ús Infhaighte | | 140,785 | 134,233 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 11 | 62,657 | 87,103 |
| **Ioncam Iomlán** | | **14,479,298** | **13,080,665** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail,Pinsin agus costais ghaolmhara | 2 | 6,085,641 | 5,307,332 |
| Costais Phróiseála Éilimh | 3 | 1,437,315 | 1,527,227 |
| Táillí na gComhaltaí Boird | 2 | 99,518 | 108,000 |
| Costais Chóiríochta & Bhunaíochta | 4 | 465,870 | 640,623 |
| Earcú, Oiliúint & Oideachas | 4 | 43,396 | 178,646 |
| Faisnéis, Táighde & Cumarsáid | 4 | 181,380 | 970,209 |
| Costais Dlí & Táillí Gairmiúla | 4 | 4,382,722 | 1,369,176 |
| Costais IT | 4 | 341,716 | 797,540 |
| Costais Teileachumarsáide | | 157,953 | 147,255 |
| Riarachán Ginearálta | 4 | 543,044 | 722,486 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta | | 202 | 0 |
| Dímheas | | 212,087 | 232,643 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **13,950,844** | **12,001,137** |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | | **528,454** | **1,079,528** |
| Aistriú ón gCúlchiste Ginearálta | | 0 | 250,000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 2,278,971 | 949,443 |
| **IARMHÉID AG DEIREADH NA BLIANA** | | **2,807,425** | **2,278,971** |

Níl aon ghnóthachain agus caillteanais eile ag an mBord sa bhliain airgeadais seachas iad sin a ndéileáiltear leo sna ráitis airgeadais.
Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 17.

Joe O'Toole
Thar ceann an Bhoird

15 Aibreán 2010

Jerry Fitzpatrick
Thar ceann an Bhoird


15 Aibreán 2010

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2009

| | NÓTAÍ | 2009 | 2009 | 2008 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 5 | | 839,051 | | 1,046,401 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 6 | 2,337,018 | | 2,580,504 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 8,998,671 | | 5,158,933 | |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **11,335,689** | | **7,739,437** | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe: | | | | | |
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 7 | 2,908,700 | | 3,352,918 | |
| **Glan-Sócmhainní Reatha** | | | **8,426,989** | | **4,386,519** |
| Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha | | | 9,266,040 | | 5,432,920 |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanais | 8 | | 5,863,175 | | 2,495,852 |
| **Glan-Sócmhainní** | | | **3,402,865** | | **2,937,068** |
| **Maoinithe Ag:** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 12 | | 595,440 | | 658,097 |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais | | | 2,807,425 | | 2,278,971 |
| Cúlchiste Ginearálta | 13 | | 0 | | 0 |
| | | | **3,402,865** | | **2,937,068** |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 17.



Joe O'Toole
Thar ceann an Bhoird

15 Aibreán 2010




Jerry Fitzpatrick
Thar ceann an Bhoird

15 Aibreán 2010

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2009

| | NÓTAÍ | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 9 | 3,703,892 | 2,155,329 |
| Aischuir ar Infheistíochtaí agus Seirbhísiú Airgeadais | | | |
| Ús Bainc | | 140,785 | 134,233 |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil** | | **3,844,677** | **2,289,562** |
| **Caiteachas Caipitil** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 5 | (4,939) | (185,921) |
| Díolachán Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | | 0 | 0 |
| **Glan eissreabhadh Airgid ó Chaiteachas Caipitil** | | **(4,939)** | **(185,921)** |
| **Gluaiseacht Airgid don Bhliain** | 9 | **3,839,738** | **2,103,641** |





Joe O'Toole
Thar ceann an Bhoird

15 Aibreán 2010

Jerry Fitzpatrick
Thar ceann an Bhoird

15 Aibreán 2010

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

| 1 | **Ioncam ó Tháillí** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | Ioncam ó Tháillí Éilitheoirí | 1,223,830 | 1,135,790 |
| | Ioncam ó Tháillí Freagróirí | 13,052,026 | 11,723,539 |
| | | **14,275,856** | **12,859,329** |

| 2 | **i) Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | * Tuarastail | 4,564,345 | 4,246,705 |
| | Ranníocaíochtaí Aoisliúntais an Fhostóra | 1,134,232 | 681,344 |
| | Ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra | 387,064 | 379,283 |
| | | **6,085,641** | **5,307,332** |

** Tá €250,429 den tobhach pinsin bainte as agus íoctha chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta in 2009*

**An Líon Foirne**

| | | |
|---|---|---|
| Foireann fostaithe go díteach ag an mBord | **76** | **73** |

Díolaíochtaí Phríomh-Fheidhmeannaigh

| | | |
|---|---|---|
| Tuarastal | **189,377** | **185,699** |

Sa bhreis ar an méid thuas, íocadh pá de réir feidhmíochta arb ionann €29,528 i Feabhra 2009 (maidir le feidhmíocht 2008). In 2008 íocadh pá de réir feidhmíochta arb ionann €28,862 in Aibreán 2008 (maidir le feidhmíocht 2007).

| **ii) Táillí agus Costais an Bhoird** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí an Bhoird | 99,518 | 108,000 |
| Ag Comhalta Boird | | |
| Dorothea Dowling *Cathaoirleach* | 22,400 | 24,000 |
| An Seanadóir Joe O'Toole | 12,639 | 14,000 |
| John Fay | 12,639 | 14,000 |
| Tom Noonan | 13,067 | 14,000 |
| Jerry Fitzpatrick | 8,672 | 0 |
| Frank Cunneen | 13,067 | 14,000 |
| An tOllamh Denis Cusack | 13,067 | 14,000 |
| Pat Healy | 3,967 | 14,000 |
| | **99,518** | **108,000** |

Níor íocadh aon chostais le comhaltaí Boird do 2009

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

| | | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| **3** | **Costais Phróiseála Éilimh** | **€** | **€** |
| | Costais an Ionaid Seirbhíse Eisfhoinsithe | 1,437,665 | 1,526,877 |
| | Táillí Leighis a bhain le hÉilimh | 4,313,376 | 4,182,553 |
| | Táillí Eile a bhain le hÉilimh | 153,320 | 154,747 |
| | Costais a bhain le hÉilimh a bheidh le hAisíoc | (4,467,046) | (4,336,950) |
| | | **1,437,315** | **1,527,227** |

| | | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| **4** | **Caiteachas** | **€** | **€** |
| | **Costais Chóiríochta & Bhunaíochta** | | |
| | Cíos, Rátaí agus Muirir Seirbhíse * | 305,774 | 497,099 |
| | Glanadh agus Slándáil | 56,936 | 61,295 |
| | Solas & Teas, Cothabháil agus Eile | 103,160 | 82,229 |
| | | **465,870** | **640,623** |

** Áirítear ar mhuirear 2008 fábhrú do mhuirir rátaí de €188,000 tar éis nár éirigh leis an mBord i gcás a thóg na Coimisinéirí Luachála.*

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| **Earcú, Oiliúint & Oideachas** | | |
| Oiliúint, Oideachas agus costais eile | 31,285 | 135,375 |
| Fógraíocht, Agallaimh agus costais earcaíochta eile | 12,111 | 43,271 |
| | **43,396** | **178,646** |
| **Faisnéis, Táighde & Cumarsáid** | | |
| Feachtas Brandála & Feasachta | 22,660 | 615,658 |
| Costais Fógraíochta Eile | 124,451 | 259,923 |
| Bileoga Eolais/Bróisiúir & Foilseacháin | 34,269 | 94,628 |
| | **181,380** | **970,209** |
| **Costais Dlí & Táillí Gairmiúla** | | |
| Táillí Staitisticiúla, Iniúchta Inmheánaigh agus Gairmiúla eile | 96,330 | 131,427 |
| Táillí Iniúchta | 15,887 | 12,863 |
| Comhairlí Ginearálta Dlí | 76,198 | 179,742 |
| Costais Athreithnithe Breithiúnach | 4,072,612 | 1,952,421 |
| Costais Athbhreithnithe Breithiúnach a bheidh le hAisíoc | 121,695 | (907,277) |
| | **4,382,722** | **1,369,176** |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

| 4 | **Caiteachas** *(nóta ar lean)* | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | **Costais IT** | | |
| | Forbairt Bogearraí IT | 5,360 | 75,597 |
| | Táillí Ceadúnais IT | 216,556 | 493,342 |
| | Tacaíocht & Cothabháil IT | 100,210 | 187,856 |
| | Earraí Inchaite & Oiliúint IT | 18,491 | 19,866 |
| | Costais Eile IT | 1,099 | 20,879 |
| | | **341,716** | **797,540** |
| | **Riarachán Ginearálta** | | |
| | Postas | 402,021 | 411,377 |
| | Taisteal & Cothabháil | 20,599 | 31,436 |
| | Stáiseanóireacht Oifige | 42,898 | 58,999 |
| | Árachas | 56,233 | 35,364 |
| | Foireann Shealadach | 2,279 | 104,228 |
| | Rudaí éagsúla | 32,138 | 83,026 |
| | Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | (13,124) | (1,944) |
| | | **543,044** | **722,486** |

| 5 | **Sócmhainní Seasta** | **Áitribh Léasachta** | **Crua-Earraí/ Bogearraí IT** | **Trealamh Oifige** | **Fearais & Feistis** | **Troscán Oifige** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Costas/Luacháil** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| | Amhail an 1 Eanáir | 832,664 | 1,398,152 | 176,645 | 46,951 | 241,168 | 2,695,580 |
| | Breiseanna | 0 | 4,939 | 0 | 0 | 0 | 4,939 |
| | Diúscairtí | 0 | (32,395) | (1,628) | 0 | 0 | (34,023) |
| | **Amhail an 31 Nollaig** | **832,664** | **1,370,696** | **175,017** | **46,951** | **241,168** | **2,666,496** |
| | **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| | Amhail an 1 Eanáir | 230,254 | 1,130,049 | 135,378 | 20,327 | 133,171 | 1,649,179 |
| | Muirear | 41,749 | 120,149 | 14,174 | 5,869 | 30,146 | 212,087 |
| | Diúscairtí | 0 | (32,395) | (1,426) | 0 | 0 | (33,821) |
| | **Amhail an 31 Nollaig** | **272,003** | **1,217,803** | **148,126** | **26,196** | **163,317** | **1,827,445** |
| | **Glan-Luach Leabhair** | | | | | | |
| | **Aamhail an 31 Nollaig 2009** | **560,661** | **152,893** | **26,891** | **20,755** | **77,851** | **839,051** |
| | **Aamhail an 31 Nollaig 2008** | **602,410** | **268,103** | **41,267** | **26,624** | **107,997** | **1,046,401** |

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

| 6 | **Féichiúnaithe** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | <u>Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</u> | | |
| | Táillí Infhaighte | 1,880,467 | 2,090,976 |
| | Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | (425,912) | (494,500) |
| | Costais Dlí Inaisíoctha * | 698,323 | 820,018 |
| | Ús Infhaighte | 37,547 | 4,622 |
| | Réamhíocaíochtaí | 119,795 | 159,388 |
| | Féichiúnaithe Eile | 26,798 | 0 |
| | | **2,337,018** | **2,580,504** |

** Chomhaontaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta go n-íocfaidh sí cúiteamh leis an mBord i leith a chuid costais sa chás O'Brien v An Bord um Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, inár thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas i Nollaig 2008.*

| 7 | **Creidiúnaithe** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | <u>Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</u> | | |
| | Creidiúnaithe trádála | 166,826 | 162,620 |
| | Fabhruithe | 2,369,040 | 2,757,120 |
| | Cánacha & Leas Sóisialach | 232,619 | 317,469 |
| | Dliteanas Pinsin | 90,215 | 65,709 |
| | Creidiúnaithe Eile | 50,000 | 50,000 |
| | | **2,908,700** | **3,352,918** |

| 8 | **Soláthairtí le haghaidh Dliteanais** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | Iarmhéid Tosaigh | 2,495,852 | 556,790 |
| | Breiseanna | 5,247,373 | 1,939,062 |
| | Úsáidte i rith na Bliana | (1,341,728) | 0 |
| | Aisiompaithe le linn na tréimhse | (538,322) | 0 |
| | **Iarmhéid Deiridh** | **5,863,175** | **2,495,852** |

**Caingne Dlí**

Seasann na soláthairtí do mheastachán stuama na ndliteanas a d'fhéadfadh a theacht chun cinn do thríú páirtithe, i leith caingne dlí a cuireadh in iúl roimh dheireadh na bliana. De bharr nádúr a chuid oibríochtaí, tá an Bord rannpháirteach i gcaingne dlí éagsúla, go príomha in athbhreithniú breithiúnach ar ailt an Achta um Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2004.

Tá na soláthairtí bunaithe ar mheasúnú na gcostas dóchúla a bhainfidh le caingne atá ar eolas a chosaint chomh fada is a mheastar gur féidir brath ar mheastúchán na gcostas sin. Áirítear ar na boinn tuisceana a rinneadh agus leibheál cuí an tsoláthair á mheas, an toradh is dóchúla a bheidh ar chaingne, an treocht amach anseo ar chostais dlí (ár gcostais féin agus costais thríú páirtithe araon) agus an dáta a mheasfar a éistfear leis an gcaingean. Tá an Bord sásta go bhfuil an meastúchán is fearr déanta aige ar an soláthair cuí sna ráitis airgeadais don toradh is dóchúla, d'fhéadfadh an soláthar a bheith faoi réir leasaithe ó am go ham de réir mar a chuirtear eolas breise ar fáil.

Chun cabhrú leis an gcur i láthair, tá figiúirí 2008 athshonraithe ar bhonn seasta.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

**9 Réiteach Barrachais don Bhliain chuig Glan Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin**

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas don Bhliain | 528,454 | 1,079,528 |
| **Míreanna Neamh Oibriúcháin** | | |
| Ús Bainc | (140,785) | (134,233) |
| Diúscairt sócmhainní seasta | 202 | 0 |
| **Míreanna nach Airgead Tirim iad** | | |
| Aistriú Cuntas Caipitil | (62,657) | (87,103) |
| Muirear Dímheasa | | |
| – Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 212,087 | 232,643 |
| (Ardú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe | 243,486 | (492,263) |
| Ardú/(Laghdú) i gCreidiúnaithe | (444,218) | (382,304) |
| Ardú/(Laghdú) i Soláthairtí le haghaidh dliteanais | 3,367,323 | 1,939,061 |
| **Glan Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **3,703,892** | **2,155,329** |

**ii) Méadú in Airgead Tirim**

**Réiteach Ardaithe Airgid go hAirgead Tirim sa Bhanc**

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| Gluaiseacht Airgid don Bhliain | 3,839,738 | 2,103,641 |
| Airgead sa Bhanc amhail an 1 Eanáir | 5,158,933 | 3,055,292 |
| **Airgead sa Bhanc amhail an 31 Nollaig** | **8,998,671** | **5,158,933** |

**10 Dliteanas Teagmhasach**

**Caingne Dlí**

Mar a luadh i Nóta 8, bíonn an Bord, ó am go ham, páirteach in gcaingne dlí éagsúla. Bunaithe ar líon fachtóirí lena n-áirítear líon na n-imeachtaí a cuireadh in iúl in 2009, na saincheisteanna a tugadh aghaidh orthu, creideann an Bord go gcuirfear tuilleadh imeachtaí a in iúl le linn 2010.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

### 11 Tiomantais Airgeadais

**Léasanna oibríochta**

Tá áitreabha ag an mBord ag Teach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Talamhacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus íocann an Bord na costais léasa. Mairfidh an léas fiche bliain ag tosú ó 2004 le cíos tosaigh de €188,554 sa bhliain. Déantar athbhreithnithe cíosa ag tús an séú bliain, an aonú bliain déag agus na séú bliana déag den léas.

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Dlite laistigh de bhliain amháin | 0 | 0 |
| Dlite tar éis bliain amháin agus roimh cúig bliana | 0 | 0 |
| Tar éis cúig bliana | 188,554 | 188,554 |
| | **188,554** | **188,554** |

### 12 Cuntas Caipitil

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 658,097 | 745,200 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | (62,657) | (87,103) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **595,440** | **658,097** |

Is ionann an cuntas caipitil agus fáltais ón Rialtas a leithroinneadh chun sócmhainní seasta a cheannach. Déantar na fáltais seo a amúchadh ag teacht le dímheas ar na sócmhainní seasta gaolmhara.

### 13 Cúlchiste Ginearálta

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 0 | 250,000 |
| Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim & Caiteachais | 0 | (250,000) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **0** | **0** |

Chinn an Bord nach bhfuil an Cúlchiste Gineáralta ag teastáil níos mó.

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2009

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

**14 Cóireáil Chuntasaíocht do Shochair Scoir**

Feidhmíonn an Bord scéim phinsin shochair shainmhínithe do na fostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus an tAire Airgeadais an scéim fostaí seo in 2008. Ceadaíodh an scéim Chéile agus Leanaí in 2009.

Tá na sochair atá iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státchiste.

Tá roinnt tréithe sainiúla ag an scéim:

- Íocann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.
- Tá an ranníocaíocht comhdhéanta d'fhostaithe agus d'fhostóirí. B'fhiú 25% de phá comhlán ranníocaíocht an fhostóra in 2009.
- Tá tiomantas follasach ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochair mar a thiteann siad.

Breithníonn an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna ag na socruithe pinsin, mar a thuairiscítear thuas, agus atá ag scéim ranníocaíochtaí sainithe i dtuairim an Bhoird. Is é léargas an Bhoird ná nach bhfuil forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a thagann chun cinn faoi scéimeanna shochair shainnithe, oiriúnach dá n-imthosca. Dá réir sin, breathnaítear ar na ranníocaíochtaí mar a bheadh an scéim ina scéim ranníocaíochtaí sainnithe.

**15 Figiúirí Comparáideacha**

De réir Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, chuir an Bord Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm do Chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe. Áirítear sna cóid sin treoir maidir le faisnéisiú leasanna chomhaltaí an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana agus atá clúdaithe ag na ráitis airgeadais seo. Níl aon idirbhearta sa tréimhse a raibh leas ann do na comhaltaí.

**16 Comparative Figures**

Rinneadh roinnt coigeartuithe chun cuidiú leis an gcur i láthair agus athshonraíodh na figiúirí comparáideacha don bhliain 2008 ar bhonn seasta.

**17 Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag an mBord amhail an 15 Aibreán 2010.

# 2009

InjuriesBoard.ie

Tuarascáil Bhliantúil





# AGUISÍNÍ

# AGUISÍN 1:

PRÓISEAS INJURIESBOARD.IE

## Próiseas InjuriesBoard.ie

Déanann an tábla thíos achoimre ar na céimeanna atá i gceist i bpróiseas éileamh InjuriesBoard.

| Céim | Cur Síos |
|---|---|
| Céim 1 | Cuireann an t-éilitheoir InjuriesBoard.ie ar an eolas ar an éileamh trí Ionad Seirbhíse InjuriesBoard.ie i gCloich na Coillte, Contae Chorcaí nó ar líne trí www.injuriesboard.ie<br><br>Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Seirbhísí ar an bhfón ó Luan go hAoine, 8am go 8pm ar Íosghlao 1890829 nó ar an bposta chuig Bosca Poist 8,Cloich na Coillte, Contae Chorcaí. |
| Céim 2 | Tugann ionadaí ó InjuriesBoard.ie cúnamh don éilitheoir leis an iarratas. |
| Céim 3 | Cuireann an t-éilitheoir isteach Foirm Iarratais agus Measúnaithe Míochaine. |
| Céim 4 | Cuireann InjuriesBoard.ie an Freagróir ar an eolas faoin éileamh. |
| Céim 5 | Toilíonn an Freagróir measúnú InjuriesBoard.ie * |
| Céim 6 | Má thoilíonn an Freagróir, déantar measúnú agus cuirtear an tÉilitheoir agus an Freagróir araon ar an eolas faoi shuim na dámhachtana. |
| Céim 7 | Glacann an dá pháirtí leis an ndámhachtain agus eisíonn InjuriesBoard.ie 'Ordú Íocaíochta' ag ordú ar an bhFreagróir an dámhachtain a íoc leis an Éilitheoir. |
| Céim 8 | Faigheann an tÉilitheoir íocaíocht agus tá deireadh leis an ábhar. |

** Mura dtoileann an Freagróir an próiseas nó má dhiúltaíonn ceachtar páirtí don mheasúnú, eiseoidh an PIAB Údarú don Éilitheoir a údaraíonn dó nó di leanúint lena n-éileamh tríd na cúirteanna, más mian leis nó léi sin a dhéanamh.*

# AGUISÍN 2:

AN EAGRAÍOCHT

## Struchtúr Eagraíochta

Léiríonn an t-alt seo a leanas struchtúr eagraíochta InjuriesBoard.ie.

Tá InjuriesBoard.ie faoi cheannas Bord Stiúrthóirí (is féidir teacht ar an liosta sa tábla thíos).

Ceapann an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Bord agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach, agus 10 gnáthchomhalta, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach.

Tá an Bord freagrach as beartais InjuriesBoard.ie a cheapadh agus dualgais iontaobhais eile a chur i bhfeidhm.

### Liosta Iomlán Chomhaltaí an Bhoird


| Ainm | Post | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| Dorothea Dowling | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin | 8 of 8 |
| Seanadóir Joe O'Toole | Leaschathaoirleach agus Ainmní ó Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) | 8 of 8 |
| Patricia Byron | Príomhfheidhmeannach | 8 of 8 |
| John Fay | Ainmní ón ICTU | 8 of 8 |
| Tom Noonan | Ainmní ó Chónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) | 6 of 8 |
| Pat Healy *(go dtí Aibreán 2009)* | Ainmní ó Chónaidhm Árachais na hÉireann (IIF) | 3 of 3 |
| Jerry Fitzpatrick *(ó Aibreán 2009)* | Ainmní ó Chónaidhm Árachais na hÉireann (IIF) | 4 of 5 |
| Ann Fitzgerald | Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí | 5 of 8 |
| Mary O'Dea | Stiúrthóir Tomhaltóra, An Rialtóir Airgeadais | 4 of 8 |
| Frances Cooke (go dtí Aibreán 2009) | Aturnae Ioncaim | 3 of 3 |
| Tanya Holly (ó Aibreán 2009) | An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta | 5 of 5 |
| Frank Cunneen | Iar-Chathaoirleach, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 8 of 8 |
| An t-Ollamh Denis Cusack | An Roinn Liachta Fhóiréinseach, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath | 4 of 8 |
| Stephen Watkins | Rúnaí an Bhoird | |

Tá sonraí na dtáillí agus na speansais a íocadh le comhaltaí an Bhoird leagtha amach sna Ráitis Airgeadais.

# AGUISÍN 2:

## AN EAGRAÍOCHT

### Struchtúr Eagraíochta




### Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Tá an Príomhfheidhmeannach Patricia Byron mar chomhalta den Bhord. Tá sí i gceannas ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin lena n-áirítear:

- Bernadette King – Stiúrthóir Airgeadais
- Helen Moran – Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó
- Maurice Priestley – Stiúrthóir Oibríochtaí
- Stephen Watkins – Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as oibríochtaí InjuriesBoard.ie a bhainistiú ó lá go lá, le tacaíocht ó na Stiúrthóirí, Bainisteoirí, Measúnóirí agus Foireann Tacaíochta. Ag deireadh 2009, d'fhostaigh InjuriesBoard.ie 74 duine san oifig i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Ina theannta sin, tá Ionad Seirbhíse Allamuigh ag InjuriesBoard.ie i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí a bhfuil sé de dhualgas air déileáil le cásanna a ullmhú agus líne cabhrach InjuriesBoard.ie a fheidhmiú.

## Feidhmeanna Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Tá sé d'oibleagáid ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta measúnuithe a dhéanamh ar an mbonn céanna le agus trí thagairt do, na prionsabail chéanna, mar a rialaíonn an líon damáistí i ndlí an torta sna Cúirteanna. Tá próiseas InjuriesBoard.ie bunaithe ar an bhfáil atá ar eolas, taifid, nó doiciméid eile agus sin amháin agus ní reáchtalann an Bord aon éisteachtaí ó bhéal. Tá InjuriesBoard.ie freisin freagrach as na feidhmeanna reachtúla seo a leanas:

- doiciméid a ullmhú agus a fhoilsiú (ar a dtabharfar "An Leabhar Cainníochtaí") ina mbeidh treoirlínte ginearálta maidir leis na méideanna a fhéadfar a dhámhadh nó a mheasúnú i ndáil le cineálacha sonraithe díobhála,
- cur faoi deara anailís chostas-tairbhe a dhéanamh ar imeachtaí dlíthiúla agus na próisis ghaolmhara (lena n-áirítear iad sin dá bhforáiltear faoin Acht) atá in úsáid faoi láthair sa Stát chun críocha cúitimh a dhámhadh i gcomhair díobhálacha pearsanta,
- bailiú agus anailís sonraí i ndáil leis na méideanna a dhámhtar de bhun caingne sibhialta, nó a chomhaontaítear i socrú caingne sibhialta, lena mbaineann an tAcht seo, agus
- aon fheidhmeanna breise a thugtar don Bhord faoi alt 55 den Acht a dhéanamh.

# AGUISÍN 3:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH NA N-ÉILEAMH

***Briseadh síos na nDámhachtainí de réir na Láithreach (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) 2008 vs. 2009***

| | 2008 | | 2009 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon na nDámhachtainí | % Dámhachtainí | Líon na nDámhachtainí | % Dámhachtainí |
| Poblacht na hÉireann | 8,576 | 97% | **8,390** | **97%** |
| T. Éireann | 159 | 1.8% | **150** | **1.7%** |
| An Chuid eile den RA | 74 | 0.8% | **66** | **0.8%** |
| An Chuid Eile den Domhan | 36 | 0.4% | **37** | **0.4%** |
| IOMLÁIN | 8,845 | 100% | **8,643** | **100%** |

***Briseadh síos ar na Catagóirí Dámhachtana de réir na Láithreach (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) 2008 vs. 2009***

| | 2008 | | | | 2009 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ML | EL | PL | Iomlán | ML | EL | PL | Iomlán |
| Poblacht na hÉireann | 6,178 | 953 | 1,445 | 8,576 | **6,054** | **924** | **1,412** | **8,390** |
| T. Éireann | 139 | 4 | 16 | 159 | **134** | **3** | **13** | **150** |
| An Chuid eile den RA | 47 | 4 | 23 | 74 | **48** | **5** | **13** | **66** |
| An Chuid Eile den Domhan | 18 | 11 | 7 | 36 | **21** | **11** | **5** | **37** |

*Briseadh síos Cúige ar Líon na nDámhachtainí (bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) 2008 vs. 2009*

| | 2008 | | | | 2009 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ML | EL | PL | Iomlán | ML | EL | PL | Iomlán |
| **Baile Átha Cliath** | 1,680 | 284 | 516 | 2,480 | **1,694** | **317** | **484** | **2,495** |
| **An Chuid Eile de Laighin** | 1,607 | 266 | 323 | 2,196 | **1,458** | **242** | **310** | **2,010** |
| **Connachta/Ulaidh** | 1,027 | 118 | 161 | 1,306 | **987** | **104** | **138** | **1,229** |
| **Mumha** | 1,864 | 285 | 445 | 2,594 | **1,915** | **261** | **480** | **2,656** |
| **Taobh amuigh den Stát** | 204 | 19 | 46 | 269 | **203** | **19** | **31** | **253** |


# AGUISÍN 3:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH NA N-ÉILEAMH

### Briseadh Síos Gheografach ar Dhámhachtainí 2009

*Figiúr 3.1*


***Líon na nDámhachtainí de réir an Chontae***



## Briseadh Síos Gheografach na nDámhachtainí 2009

*Figiúr 3.2*

***% na nDámhachtainí de réir an Chontae***




# AGUISÍN 3:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH NA N-ÉILEAMH

### Briseadh Síos Gheografach na nDámhachtainí 2009

*Figiúr 3.3*


***% den Daonra Iomlán (bunaithe ar shonraíocht na Príomh-Oifige Staidrimh 2006) de réir an Chontae***



## Briseadh Síos Gheografach na nDámhachtainí 2009

*Figiúr 3.4*

***Athraitheacht na nDámhachtainí vs. Daonra de réir an Chontae***



# AGUISÍN 3:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH NA N-ÉILEAMH


***An 5 Contae ag Barr de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra 2009***

| Contae | % de Dhámhachtainí de réir Contae | % de Dhaonra Iomlán sa Chontae | Athraitheas go Meán Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| **Luimneach** | 7% | 4.34% | (+) 61.2% |
| **Lú** | 4% | 2.62% | (+) 52.6% |
| **An Longfort** | 1% | 0.81% | (+) 23.4% |
| **Corcaigh** | 13% | 11.35% | (+) 14.5% |
| **Tiobraid Árann** | 4% | 3.52% | (+) 13.6% |

***An 5 Contae ag Bun de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra 2009***


| Contae | % de Dhámhachtainí de réir Contae | % de Dhaonra Iomlán sa Chontae | Athraitheas go Meán Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| **Loch Garman** | 2% | 3.11% | - 35.6% |
| **Cill Chainnigh** | 1.5% | 2.07% | - 27.5% |
| **Liatroim** | 0.5% | 0.68% | - 26.47% |
| **Maigh Eo** | 2.2% | 2.92% | - 24.6% |
| **Muineachán** | 1% | 1.32% | - 24.2% |

**Figiúr 3.5** ***An Líon is Airde Dámhachtainí Foriomlán de réir Contae 2009 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***




Léiríonn an léaráid thuas na contaetha leis an scair is airde dámhachtainí foriomlán – mar a bhíothas ag súil leistá an líon is airde dámhachtainí foriomlána ag na contaetha leis an daonra is mó.

**Figiúr 3.6** ***An Líon is Ísle Dámhachtainí Foriomlán de réir Contae 2009 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***




Léiríonn an léaráid thuas na contaetha leis an scair is ísle dámhachtainí foriomlán – mar a bhíothas ag súil leistá an líon is ísle dámhachtainí foriomlán ag na contaetha leis an daonra is lú.


# AGUISÍN 3:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH NA N-ÉILEAMH

### Briseadh síos Geografach de réir Catagóire 2009


### Dámhachtainí Dliteanais Mótair 2009

*Figiúr 3.7* ***An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir Contae 2009 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***





Léiríonn na léaráidí thuas agus thíos na contaetha leis an scair is airde agus is ísle Dámhachtainí DliteanaisMótair foriomlán in 2009.

*Figiúr 3.8* ***An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir Contae 2009 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***




## Dámhachtainí Dliteanais Fostóra 2009

*Figiúr 3.9* ***An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Fostóra de réir Contae 2009 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***




Léiríonn na léaráidí thuas agus thíos na contaetha leis an scair is airde agus is ísle dámhachtainí dliteanaisfostóra foriomlán in 2009.

*Figiúr 3.10* ***An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Fostóra de réir Contae 2009 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)***




# AGUISÍN 3:

## ANAILÍS GHEOGRAFACH NA N-ÉILEAMH


### Dámhachtainí Dliteanais Poiblí 2009


***Figiúr 3.11** An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Poiblí de réir Contae 2009 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)*




Léiríonn na léaráidí thuas agus thíos na contaetha leis an scair is airde agus is ísle dámhachtainí dliteanais poiblí foriomlán in 2009.

***Figiúr 3.12** An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Poiblí 2009 de réir Contae 2009 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)*





## EOLAS TEAGMHÁLA


Ionad Seirbhíse ar Oscailt:
Luan go hAoine, 8am go 8pm
Íosghlao 1890 829 121
Bosca Poist 8, Cloch na Coillte, Co. Chorcaí
www.injuriesboard.ie